Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 45

# Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 45, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ar sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €8.184 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Sócmhainní seasta***

Tá na costais a bhaineann le trealamh oifige agus troscán agus feistis ar sócmhainní seasta iad, a úsáideann an Roinn Oideachais (Vóta 26) agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Vóta 45), taifeadta i gCuntas Leithreasa Vóta 26. Tuairiscítear na sócmhainní i ráiteas Vóta 26 faoi shócmhainní caipitil. Cuireadh muirear dímheasa barúlach i bhfeidhm ar Vóta 45 faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun úsáid na sócmhainní comhroinnte seo le Vóta 45 a léiriú.

***Cruthú an Vóta***

Bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Vóta 45) ar an 2 Lúnasa 2020 agus aistríodh feidhmeanna breisoideachais agus ardoideachais ón Roinn Oideachais le héifeacht ón 21 Deireadh Fómhair 2020. Roimh an gcinneadh na feidhmeanna sin a aistriú, cuireadh an Vóta don Oideachas agus Scileanna i láthair faoi thrí chlár caiteachais. Aistríodh dhá chlár caiteachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta: clár B forbairt scileanna; agus clár C ardoideachas.

Tá an caiteachas iomlán in 2020 maidir leis an dá chlár seo curtha san áireamh sa chuntas leithreasa seo. Rinneadh luachanna caiteachais 2019 do na cláir seo a mhacasamhlú chun críocha comparáideacha.

Aistríodh feidhmeanna taighde, nuálaíochta agus eolaíochta eile ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 agus ní léirítear iad sa chuntas leithreasa seo do 2020.

Tá na haistrithe feidhmeanna ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi réir scrúdú leanúnach i gcomhar leis an dá Roinn. D'fhéadfadh tuilleadh moltaí aistrithe chuig an Rialtas a bheith mar thoradh air seo má fhaightear amach go bhfuil sé sin oiriúnach.

Tá Vóta 26 Oideachas ag soláthar seirbhís chomhroinnte do Vóta 45 do roinnt feidhmeanna corparáideacha, lena n-áirítear AD, airgeadas, cóiríocht agus seirbhísí, iniúchóireacht agus TF. Gearradh muirear barúlach ar Vóta 45 faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun na costais foirne is inchurtha i leith na seirbhíse comhroinnte a léiriú.

Tá na socruithe mionsonraithe a rialaíonn na seirbhísí comhroinnte seo faoi réir comhphróiseas forbartha agus doiciméadaithe agus áireofar leis seo comhaontú ar mheabhrán foirmiúil tuisceana.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais agus go gcuirtear i bhfeidhm sa Roinn é.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Mar Roinn nuabhunaithe a raibh a feidhmeanna á n-aistriú ón Roinn Oideachais le linn 2020 gan aon chroífheidhmeanna corparáideacha a bheith ann cheana, bhí mé ag brath ar na rialuithe cuí a bhí á bhfeidhmiú ag an Roinn Oideachais i soláthar seirbhíse comhroinnte don Roinn seo, go príomha i réimsí AD, airgeadais, cóiríochta agus seirbhísí, iniúchóireachta agus TF.

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna áirithe párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte laistigh de na seirbhísí comhroinnte foriomlána a sholáthraíonn an Roinn Oideachais. Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a oibriú.

Is foinse dearbhaithe dom é an córas rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscigh Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

***Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne***

Déanann rannáin bheartais ábhartha laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí stáit atá faoi choimirce na Roinne seo agus a fhaigheann tacaíocht ó rannáin ábhartha eile ar fud na Roinne agus ar bhonn seirbhísí comhroinnte ó Aonad Rialachais Earnála na Roinne Oideachais.

Ar an gcéad dul síos, tá gach Bord agus Cathaoirleach an Bhoird faoi seach freagrach as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh.

Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn seo agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe ar na nithe seo a leanas

- bunús reachtach an chomhlachta
- *An Cód Cleachtais chun comhlachtaí Stáit a rialú* 2016 ó DPER agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gcód.

Oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina choimirce lena chinntiú go sásaítear na coinníollacha formhaoirseachta atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais* agus go bhfuil comhaontuithe urrúnta soláthar feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm i ngach comhlacht. De réir mar is cuí, oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce lena chinntiú gur aontaíodh agus gur doiciméadaíodh maoluithe a bhfuil teorainn ama leo nó maoluithe iomlána ó ghnéithe den Chód chun ceanglais ‘comhlíon nó mínigh’ an chóid a shásamh.

De réir na gceanglas cóid, ceanglaítear ar na comhlachtaí faoi seach pleananna corparáideacha a ghlacadh chun comhlíonadh na straitéise a chlúdach ar bhonn ilbhliantúil. Cumasaíonn na pleananna seo straitéis chorparáideach agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú leis an Roinn.

Laistigh den mhórearnáil, tá cóid chleachtais earnála atá ailínithe le creataí áirithe rialála ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta i bhfeidhm.

Tá athchóiriú na socruithe rialachais institiúideacha laistigh den earnáil ardoideachais mar chuid de chlár reachtaíochta an Rialtais agus de na tosaíochtaí atá leagtha amach i *Ráiteas Straitéise 2021-2023* na Roinne.

Tá ballraíocht ag an Roinn san Fhóram Rialtais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísigh. Is é an Foras Riaracháin a riarann an fóram, trína gcuirtear chun cinn dea-rialachas agus trína gcuirtear comhairle thráthúil agus tacaí eolais ar fáil don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm sa timpeallacht rialaithe.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Chlúdaigh an t-athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais a sholáthair Coiste Iniúchóireachta na Roinne Oideachais iad sin a bhí i bhfeidhm sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta freisin le linn na tréimhse 2020.
- Tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag na hardbhainisteoirí
- go ndéanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go n-oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn agus le linn 2020 bhí sé seo bunaithe ar riosca a bheith faoi úinéireacht aonad gnó aonair a d’aistrigh ón Roinn Oideachais
- go bhfuil córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú

- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadal ann
- go ndéanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

***Iniúchóireacht inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste Iniúchóireachta***

Maidir le seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí, bhí mé ag brath ar aonad iniúchóireachta inmheánaí agus AE na Roinne Oideachais, ina bhfuil pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a oibríonn de réir cairt i scríbhinn. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoin obair seo, agus is ar an anailís seo a bhunaítear na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí. Is é is cuspóir do na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar moltaí a dhéantar i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh a rianú le gur féidir leis an mbainistíocht iad a chur i bhfeidhm. Chlúdaigh an t-athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais a sholáthair Coiste Iniúchóireachta na Roinne Oideachais iad sin a bhí i bhfeidhm sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta freisin le linn na tréimhse 2020. Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta ar leithligh don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in 2021.

Tá Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa, ar rannóg é laistigh d'Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE na Roinne Oideachais, neamhspleách ó thaobh feidhme agus oibríonn sé de réir a chairte scríofa féin. Tuairiscíonn sé do Choiste Iniúchóireachta na Roinne Oideachais agus don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta maidir le ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn. Nuair a bheidh sé bunaithe, glacfaidh Coiste Iniúchóireachta mo Roinne freagracht as athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí, moltaí agus saincheisteanna suntasacha a eascróidh as iniúchadh CSE, i bhfianaise na béime faoi leith ar na freagrachtaí laistigh de mo Roinn i leith na nÚdarás Deimhniúcháin agus Bainistíochta Náisiúnta.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Déanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas agus ceannach ar bun agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte.

Ní raibh aon chás de sholáthar neamhiomaíoch ann le linn 2020 agus rinneadh tuairisceán nialais i dtaca le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, trína n-aithnítear agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a chuirtear i gcrích le díriú ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí agus tá siad seo aitheanta, measta agus grádaithe de réir a thábhachtaí atá siad. Síníonn Ceann an Aonaid Ghnó na rioscaí agus tugann an ball den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin ar aird iad. Mionsonraítear sa chlár na rialuithe agus na bearta a bhíonn ag teastáil le rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár, in éineacht le próisis eile ábhartha, chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Déanann Bord Bainistíochta na Roinne formhaoirseacht ar an gcóras bainistíochta riosca agus bhunaigh an Bord Bainistíochta Coiste Riosca le déanaí. Tá an Coiste Riosca ag cur beartas bainistíochta riosca i gcrích don Roinn.

Mar chuid den tseirbhís chomhroinnte a sholáthraíonn an Roinn Oideachais, tá creat rialachais ann a leagann amach na nósanna imeachta, an próiseas agus na prionsabail rialachais atá mar bhonn agus taca le hobair na Roinne seo. Tá sé faoi athbhreithniú i gcónaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus do na bainisteoirí agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí. Dearbhaím go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is é obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na mbainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil atá mar bhonn leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Slándáil TFC***

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córais TFC agus cuireann sí prótacail agus bearta cibearshlándála iomadúla i bhfeidhm, lena n-áirítear Feasacht Úsáideoirí, Slándáil Imlíne, Bogearraí chun Víris/Bogearraí Mailíseacha a Chosc, Scagadh Ríomhphoist agus Gréasáin, Paisteáil Córais, Bainistíocht Riosca, Polasaithe, Measúnuithe Rialta ar Leochaileacht/Tástáil Treáite, Bainistíocht Gléasanna Soghluaiste, Bainistíocht Rochtana, Bainistíocht Teagmhas, Monatóireacht ar Theagmhais agus Imeachtaí Slándála, Rialachas Slándála Faisnéise, Feasacht GDPR, Aisghabháil Tubaiste, Cúltacaí As Líne, Bainistíocht Soláthraithe agus Criptiú. Faigheann prótacail chibearshlándála na Roinne tacaíocht ó obair an Lárionaid Náisiúnta Chibearshlándála agus na foirne náisiúnta um fhreagairt do theagmhais Slándála Ríomhaireachta (CSIRT), a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi riosca agus eachtraí don Roinn. Faigheann an Roinn tacaíocht freisin ó shaineolas slándála ó eagraíochtaí slándála tríú páirtí iomadúla. Tá cáilíochtaí slándála ag baill foirne TFC ábhartha agus tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithnithe ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí.

***Paindéim Covid-19***

Tharla paindéim Covid-19 nuair a bhí an Roinn seo á bunú agus ba dhúshlán breise é agus é sin á dhéanamh.

Mar thoradh ar Covid-19, ceanglaíodh ar fhoireann na Roinne obair ón mbaile den chuid is mó. Rinne an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí measúnú ar thionchar Covid-19 ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar shlándáil mhóibíleach agus thug sé dearbhú leordhóthanach dom go bhfuil na rialuithe airgeadais agus an tslándáil mhóibíleach á mbainistiú go leordhóthanach. Ina theannta sin, ghéaraigh an t-aistriú chuig cianobair úsáid an doiciméadaithe leictreonaigh chun críocha rian iniúchta agus éifeachtúlachta oibre. Cuireadh torthaí na measúnuithe seo faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta ar an 24 Márta 2021 freisin.

***Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn in 2020 ar ar lean caillteanas is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

22 Meán Fómhair 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### *Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2021

# Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | | 2020 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh |
| | | | | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Forbairt scileanna | | | 607,103 | 599,538 |
| B | Ardoideachas | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,898,553 | | |
| | | *Forlíontach* | 43,500 | | |
| | | | | 1,942,053 | 1,927,002 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,505,656 | | |
| | | *Forlíontach* | 43,500 | | |
| | | | | **2,549,156** | **2,526,540** |
| | *Lúide* | | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **103,442** | **105,710** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,402,214 | | |
| | | *Forlíontach* | 43,500 | | |
| | | | | **2,445,714** | **2,420,830** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar aon leithreasaí neamhchaite ar sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €16.7 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil ar aghaidh go 2021.

| | 2020 |
|---|---|
| | € |
| Farasbarr | 24,883,838 |
| Géilleadh iarchurtha | (16,700,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **8,183,838** |

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

22 Meán Fómhair 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 2,518,205 |
| Pá | | 6,943 |
| Neamhphá | | 1,392 |
| **Ollchaiteachas** | | **2,526,540** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **105,710** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,420,830** |
| | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (8,342) | |
| Méadú ar stoc | (6) | (8,348) |
| | | |
| **Caiteachas díreach** | | **2,412,482** |
| | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,426 |
| Measchíosanna | | 446 |
| **Glanchostas an chláir** | | **2,418,354** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 45 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 [a] |
|---|---|---|
| | | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 19 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,397 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 70 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 20 |
| Vóta 26 | Oideachas | 1,883 |
| An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí | | 37 |
| | | **5,426** |

Nóta [a] Ní áirítear ar na glanfhigiúirí do chaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara in 2020 figiúirí maidir le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí atá coimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Sannadh an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara go díreach don Vóta agus, nuair nach raibh sé sin indéanta, rinneadh é a chionroinnt bunaithe ar leithdháileadh comhaontaithe costas idir Vóta 26 agus Vóta 45.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | | — |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.1 | 17,779 |
| Stoic | | 6 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.2 | 8,128 |
| Suimeanna atá dlite ó AE | | 2 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 3,736 |
| Ioncam fabhraithe | | 938 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **30,589** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Costais fhabhraithe | | 703 |
| Aisghabháil tuarastal chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile | | 21 |
| Airgead ó AE le dáileadh | | 520 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 254 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | 20,743 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **22,241** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 8,348 |
| **Glansócmhainní** | | **8,348** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.6 | **8,348** |

## 2.1 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 17,779 |
| | **17,779** |

## 2.2 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge [a] | 7,826 |
| Eile | 302 |
| | **8,128** |

Nóta [a] D'aisíoc Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge €903,000 in 2020

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Aistriú feidhmeanna | 3,684 |
| Párolla ar fionraí | 33 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 6 |
| Scéim pasanna taistil | 8 |
| Forchúiteamh costas ó oifigí comhroinnte | 5 |
| | **3,736** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | |
| Cáin ioncaim | 120 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 69 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 24 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 25 |
| Cáin bhreisluacha | 4 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 11 |
| | **254** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2020** |
| --- | --- |
| | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 8,184 |
| Géilleadh iarchurtha | 16,700 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,141) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **20,743** |
| | |
| **Arna léiriú ag:** | |
| **Féichiúnaithe** | |
| Banc agus airgead tirim | 17,779 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 3,736 |
| Suimeanna dlite ó AE | 2 |
| | 21,517 |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | (254) |
| Airgead ó AE le dáileadh | (520) |
| Iarmhéideanna sochair eile | — |
| | (774) |
| | |
| | **20,743** |

## 2.6 Cuntas maoinithe Stáit

| | **Nóta** | | **2020** |
| --- | --- | --- | --- |
| | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | — |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 2,445,714 | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (8,184) | |
| Géilleadh iarchurtha | | (16,700) | |
| Glanvóta | | | 2,420,830 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 5,426 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 446 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (2,418,354) |
| **Iarmhéid ag an 31 Eanáir** | | | **8,348** |

## 2.7 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 832 |
| Cláir deontas neamhchaipitil [a] | 2,303,076 |
| Cláir deontas caipitil [b] | 416,954 |
| Tionscadail chaipitil | 13,375 |
| Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | 733,966 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **3,468,203** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 2,341,224 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (2,343,413) |
| Ceangaltais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2021 | 2,303,076 |
| (Glan-tearc-chaitheamh deontais)/Glan-róchaitheamh deontais | 2,189 |
| **Iarmhéid deiridh** | **2,303,076** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 142,931 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (141,135) |
| Ceangaltais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2021 | 416,954 |
| (Glan-tearc-chaitheamh deontais)/Glan-róchaitheamh deontais | (1,796) |
| **Iarmhéid deiridh** | **416,954** |

Nótaí

[a] Áirítear ar chláir deontas neamhchaipitil deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

[b] Baineann na cláir deontas caipitil le deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne maidir le gach tionscadal caipitil, lena n-áirítear ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna.

**d) Mórthionscadail chaipitil**

Tionscadail chaipitil a bhfuil caiteachas iomlán €10 milliún nó níos mó i gceist iontu

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas i 2020 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (Saoráidí Ardoideachais) | 10,000 | — | 7,000 | 17,000 | 17,000 |
| Foirgneamh an Chumainn Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Ollscoil Mhá Nuad | 5,374 | 13,251 | 6,375 | 25,000 | 25,000 |
| Iomlán | **15,374** | **13,251** | **13,375** | **42,000** | **42,000** |

**Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

Tá oibleagáidí ag an Roinn faoi thrí cinn de chonarthaí ar leith chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú, faoi shamhail na comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP). Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair agus an caiteachas gaolmhar tógála ar fad le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha míosúla thar 25 bliana, agus bíonn an chéad íocaíocht aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe.

| Ainm an tionscadail CPP | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 | Caiteachas i 2020 [a] | Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis | Iomlán an tionscadail 2020 | Iomlán an tionscadail 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann | 133,784 | 6,849 | 46,782 | 187,415 | 187,640 |
| Scoil Cheoil Chorcaí | 110,228 | 8,292 | 100,675 | 219,195 | 219,989 |
| Cearnóga Ghráinseach Ghormáin | — | — | 586,509 | 586,509 | 588,749 |
| | **244,012** | **15,141** | **733,966** | **993,119** | **996,378** |

Nóta [a] Léiríonn an caiteachas ag deireadh 2020 íocaíochtaí caipitil amháin, e.g. íocaíochtaí aonadacha. Tá caiteachas 2020 sa tábla thuas san áireamh sa toradh foriomlán ar fho-mhírcheann B.17 mar atá €18.257 milliún.

**Difríochtaí suntasacha**

Chomh maith leis an bhfaisnéis achomair ar gach ceann de na tionscadail CPP thíos, tugtar míniú ar chásanna inar méadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta faoi níos mó ná €500,000 ó 2019 go 2020.

*Innéacsú*

Íocann an Roinn íocaíochtaí aonadacha míosúla leis an gcuideachta CPP lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil CPP. Dhá mhír atá san íocaíocht aonadach, mír an chostais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí Uile-Mhíre. Sonraítear dáta athbhreithnithe ar innéacsú i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an íocaíocht aonadach bhliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

*Coláiste Muirí Náisiúnta na hÉireann*

Tugadh tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad tionscadal CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibre in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

*Scoil Cheoil Chorcaí*

Is i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí in Iúil 2007. Baineann an laghdú €794,000 ar chostais ó 2019 go 2020 leis an athbhreithniú bliantúil ar innéacsú agus le ar ríomh na réamh-mheastachán a cheartú.

*Cearnóga Ghráinseach Ghormáin*

Cuirfidh tionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin, atá comhdhéanta de na cearnóga láir agus thoir, bonneagar suntasach acadúil ar fáil d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin. Is i Márta 2018 a síníodh an conradh chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, agus a chothabháil. Léiríonn an t-athrú anuas €2.24 milliún ó 2019 go 2020 na coigiltis a baineadh amach i dtáillí aonadacha mar gheall ar an moill ar chríochnú an tionscadail seo agus ar CBL tógála a bheith níos lú ná mar a bhí próifílithe ar dtús.

## 2.8 Dliteanas aibithe

| ag an 31 Nollaig | **2020**<br>**€000** |
|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | **197** |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag deireadh 2020.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt trasna na gclár chun costais iomlána na gclár a léiriú.

| | | 2020 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 9,710 | 6,943 |
| ii | Taisteal agus cothú | 251 | 65 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 232 | 220 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 293 | 59 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,245 | 840 |
| vi | Costais áitribh oifige | 214 | 208 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 18 | — |
| | | **11,963** | **8,335** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €9.71 milliún; toradh €6.943 milliún*

Tharla an laghdú €2.767 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar an méid maoinithe a leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann seo mar chuid den aistriú feidhmeanna ón Roinn Oideachais. Meastachán sealadach do 2020 a bhí sa mhaoiniú a aistríodh go dtí go mbeadh faisnéis níos mionsonraithe ar fáil faoi na hacmhainní foirne a aistríodh agus go ndéanfaí an leithdháileadh comhfhreagrach fo-mhírchinn do 2021 a choigeartú dá réir.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €251,000; toradh €65,000*

Tháinig an laghdú €186,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha ó chostais laghdaithe taistil agus chothaithe mar gheall ar Covid-19 agus an méid breise maoinithe a leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann seo mar chuid den aistriú.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €293,000; toradh €59,000*

Tharla an laghdú €234,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar na modhanna cionroinnte pro rata a cuireadh i bhfeidhm ar leithdháiltí maidir leis an aistriú feidhmeanna ón Roinn Oideachais chuig an Roinn seo.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €1.245 milliún; toradh €840,000*

Tharla an laghdú €405,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar na modhanna cionroinnte pro rata a cuireadh i bhfeidhm ar leithdháiltí maidir leis an aistriú feidhmeanna ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

## Clár A Forbairt Scileanna

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 4,944 | 3,535 | 5,293 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,147 | 709 | 1,229 |
| A.3 | Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus speansais ghinearálta | 24,600 | 21,029 | 22,373 |
| A.4 | Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD) | 525 | 294 | 300 |
| A.5 | Deontais do SOLAS i ndáil le gníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna | 536,903 | 537,687 | 367,566 |
| A.6 | Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | 5,984 | 4,919 | 4,516 |
| A.7 | Aoisliúntas, etc., is iníoctha le hiarbhaill de FÁS, de SOLAS agus den Chomhairle Oiliúna (ANCO) | 33,000 | 31,365 | 31,271 |
| | | **607,103** | **599,538** | **432,548** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas cláir an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €7.565 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh.

**A.3 Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus speansais ghinearálta**

*Soláthar meastacháin €24.6 milliún; toradh €21.029 milliún*

Bhain an laghdú €3.571 milliún ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin le maoiniú a choinnigh an comhlacht ag deireadh 2019 agus a rinneadh a fhritháireamh le híocaíochtaí deontais 2020 i gcomhréir le Ciorclán 13/2014 (€3.386 milliún). Is féidir an €185,000 eile a chur i leith coigilteas a baineadh amach i dtionscadal Líonra Limistéar Stórála (SAN) agus tionscadal TF eile nach bhfuil ag dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe in 2020.

**A.4 Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD)**

*Soláthar meastacháin €525,000;, toradh €294,000*

Tharla an laghdú €231,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha toisc nach raibh aon chlár EGF i bhfeidhm in Éirinn in 2020 (€100,000). Tá coigilteas eile inchurtha i leith aistriú ceadúnas córais eCohesion ó ERDF chuig CSE (€49,000) agus i leith fhorbairt intí láithreán gréasáin CSE seachas dul chuig an margadh (€23,000). Tháinig coigilteas breise €43,000 i ngníomhaíochtaí cumarsáide agus poiblíochta chun cinn mar thoradh díreach ar phaindéim Covid-19.

**A.6 Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)**

*Soláthar meastacháin €5.984 milliún; toradh €4.919 milliún*

Tharla an laghdú €1.065 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar chur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna nua a shanntar do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, nach ndeachaigh ar aghaidh mar a bhí beartaithe, go páirteach mar gheall ar Covid-19 (€905,000). Ina theannta sin, níor tarraingíodh anuas maoiniú a cuireadh ar fáil faoi Chlár Spreagtha Mhí Iúil 2020 chun QQI a chúiteamh as caillteanas ioncaim ó tháillí mar thoradh díreach ar Covid-19 toisc nár tháinig laghdú ar ioncam ó tháillí chun cinn ag an leibhéal a rabhthas ag súil leis (€160,000).

## Clár B Ardoideachas

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | 4,766 | 3,408 | 5,122 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,106 | 683 | 1,186 |
| B.3 | Deontas do chostais ghinearálta an Údaráis um Ardoideachas | | 9,347 | 8,896 | 7,782 |
| B.4 | Deontais ghinearálta reatha d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'institiúidí ainmnithe eile ardoideachais | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,107,836 | | | |
| | *Forlíontach* | 24,400 | | | |
| | | | 1,132,236 | 1,137,064 | 1,004,955 |
| B.5 | Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – seachas iad siúd a mhaoinítear tríd an Údarás um Ardoideachas | | — | — | 5,748 |
| B.6 | Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 12,831 | 12,831 | 12,226 |
| B.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 7,548 | 7,552 | 6,882 |
| B.8 | Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (deontas) | | 3,394 | 3,394 | 3,216 |
| B.9 | Deontas d'institiúidí tríú leibhéal áirithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 8,793 | | | |
| | *Forlíontach* | 600 | | | |
| | | | 9,393 | 9,055 | 7,723 |
| B.10 | Aoisliúntas, etc., atá iníoctha le hiarbhaill foirne ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | | 159,278 | 162,753 | 116,606 |
| B.11 | Tacaíocht do mhic léinn agus costais bhainteacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 385,564 | | | |
| | *Forlíontach* | 18,500 | | | |
| | | | 404,064 | 401,178 | 383,294 |
| B.12 | Gníomhaíochtaí taighde | | 41,600 | 42,021 | 47,600 |
| B.13 | Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas | | 6,349 | 4,358 | 6,992 |
| B.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | | 3,179 | 3,137 | 3,117 |
| B.15 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 300 | 138 | 375 |
| B.16 | Bonneagar tríú leibhéal | | 84,000 | 86,500 | 65,000 |
| B.17 | Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | | 35,300 | 18,257 | 18,379 |
| B.18 | Seirbhísí comhroinnte | | 27,362 | 25,777 | — |
| | | | **1,942,053** | **1,927,002** | **1,696,203** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas cláir an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €15.051 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh.

**B.13 Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas**

*Soláthar meastacháin €6.349 milliún; toradh €4.358 milliún*

Bhain an laghdú €1.991 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha leis na nithe seo a leanas

- an Scéim Soghluaisteachta Acadúla a chur siar i ngeall ar Covid-19 (€500,000)
- níor úsáideadh cuid de mhaoiniú Covid-19 €1.5 milliún a leithdháileadh ar an earnáil ardoideachais chun cabhrú le teacht slán mac léinn idirnáisiúnta (€589,000)
- roinnt tionscnamh de chuid AE a chur siar faoi mhaoiniú Ollscoileanna na hEorpa mar gheall ar Covid-19 (€492,000)
- ní raibh baint ag an Roinn le haon tionscadail de chuid OECD i réimse an ardoideachais le linn 2020 (€200,000)
- bhí an glacadh le scoláireachtaí Rialtas na hÉireann níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis (€190,000).

**B.15 Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €300,000; toradh €138,000*

D'eascair an laghdú €162,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nach raibh éilimh ar mhaoiniú chomh hard agus a bhíothas ag súil leis. Freastalaíonn an fo-mhírcheann seo ar chaiteachas ilghnéitheach, agus bíonn sé deacair leibhéal an chaiteachais sin a chinneadh roimh ré.

**B.17 Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí**

*Soláthar meastacháin €35.3 milliún; toradh €18.257 milliún*

Bhain an laghdú €17.043 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha leis na nithe seo a leanas

- moilleanna ar sholáthar seirbhíse i gcás thionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin a chiallaigh nár tháinig aon mhuirir aonadacha chun bheith dlite in 2020 (€12.12 milliún)
- moilleanna ar chaiteachas próifílithe ar chlár CPP i réimse an ardoideachais, a d'fhág go raibh íocaíochtaí níos ísle ná mar a measadh (€3.4 milliún)
- leibhéil bhoilscithe in 2020 a bheith níos ísle ná mar a measadh, a d'fhág gur cuireadh costais innéacsaithe a bhí níos ísle ná a measadh i bhfeidhm ar íocaíochtaí táillí aonadacha in dhá cheann de thionscadail ardoideachais (€400,000)
- muirir aonadacha laghdaithe maidir le seirbhísí agus soláthar comhaontaithe ar fud an dá thionscadal oibríochtúla ardoideachais (€200,000)
- costais oibríochtúla agus theagmhasachta i réimsí éagsúla a bheith níos ísle ná mar a measadh.

**B.18 Seirbhísí comhroinnte**

*Soláthar meastacháin €27.362 milliún; toradh €25.777 milliún*

Tharla an laghdú €1.585 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar an méid maoinithe a leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann seo mar chuid den aistriú feidhmeanna ón Roinn Oideachais. Meastachán sealadach do 2020 a bhí sa mhaoiniú a aistríodh go dtí go mbeadh faisnéis níos mionsonraithe ar fáil faoi na hacmhainní foirne a aistríodh agus go ndéanfaí an leithdháileadh comhfhreagrach fo-mhírchinn do 2021 a choigeartú dá réir.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 689 | 726 | 682 |
| C.2 | Fáltais ó mhaoiniú AE [a] | 34,700 | 34,895 | 73,826 |
| C.3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 68,053 | 69,210 | 74,600 |
| C.4 | Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | — | — | — |
| C.5 | Ilghnéitheach | — | 879 | 2,107 |
| | **Iomlán** | **103,442** | **105,710** | **151,215** |

Nóta [a] Cuirtear miondealú ar fháltais AE arbh fhiú €34.895 milliún iad faoi C.2 ar fáil sa tábla faoi Nóta 6.3 Maoiniú AE.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.268 milliún níos airde ná an meastachán.

**C.5 Ilghnéitheach**

*Meastachán €nialas; réadaithe €879,000*

D'eascair an méadú €879,000 i gcoibhneas leis an meastachán go príomha mar gheall go bhfuarthas aisíocaíochtaí iasachta WIT nár measadh mar chuid den aistriú cistí/feidhmeanna ón Roinn Oideachais.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 |
|---|---|
| | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 155 |
| Maoiniú neamhchaite a fhorchúiteamh ón Údarás um Ardoideachas/an Chomhairle um Thaighde in Éirinn [a] | 527 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste [b] | (682) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** |

Nótaí [a] Le linn 2020, fuarthas €527,000 san iomlán ó HEA maidir le deontais neamhchaite a tugadh don Chomhairle um Thaighde in Éirinn i mblianta roimhe seo.

[b] Géilleadh €682,242 don Státchiste in 2020.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 |
|---|---|
| Roinn | 134 |
| Tríú leibhéal [a] | 22,250 |
| Gníomhaireachtaí eile | 391 |
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **22,775** |

Nóta [a] Poist bhunmhaoinithe amháin. Ní áirítear i líon iomlán na bhfostaithe earnála poiblí poist eile, e.g. foireann taighde ar conradh.

## 5.2 Pá

| Luach saothair fhoireann na Roinne | 2020<br>€000 |
|---|---|
| Pá | 6,388 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 48 |
| Liúntais eile | 1 |
| Ragobair | 4 |
| ÁSPC an Fhostóra | 502 |
| **Pá iomlán [a, b]** | **6,943** |

Nótaí [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus le liúntais a íocadh le fostaithe na Roinne.

[a] Léirítear an figiúr iomlán pá faoi A.1.

## 5.2 Pá

| An tríú leibhéal | 2020<br>€000 |
|---|---|
| Pá | 1,990,250 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — |
| Liúntais eile | 6,876 |
| Ragobair | 1,632 |
| ÁSPC an Fhostóra | 147,580 |
| **Pá iomlán [a]** | **2,146,338** |

Nóta [a] Léiríonn na sonraí airgeadais sa tábla seo costais tuarastail iomlána ollscoileanna, coláistí agus institiúidí teicneolaíochta agus áirítear iontu costais na bpost tríú leibhéal faoi Nóta 5.1.

| **Gníomhaireachtaí eile** | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Pá | 22,411 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — |
| Liúntais eile | 160 |
| Ragobair | 6 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,483 |
| **Pá iomlán [a]** | **24,060** |

Nóta [a] Léiríonn na sonraí airgeadais sa tábla seo costais tuarastail iomlána gníomhaireachtaí agus áirítear iontu costais na mball foirne gníomhaireachta a áirítear faoi Nóta 5.1 (Poist bhunmhaoinithe amháin).

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** |
|---|---|---|---|
| | | | **2020** |
| | | | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 7 | 1 | 25,074 |
| Liúntais eile | 1 | — | 952 |
| Ragobair | 6 | — | 1,185 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — |

Ní bhaineann na sonraí liúntais agus íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo ach amháin le foireann riaracháin na Roinne.

Ceanglaítear le Ciorclán 20/2020 go nochtfaí sonraí liúntas agus ragoibre a íocadh le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne. Ní raibh ar chumas na Roinne an t-eolas seo a chur ar fáil maidir le cuntais 2020. Athbhreithneofar é seo do chuntais 2021.

## 5.4 Socruithe eile luacha saothair

Cuireadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse ag obair arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €18,891, lenar áiríodh costais taistil agus chothaithe €1,366. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 € |
|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí tuarastail le foireann riaracháin** | | |
| Ró-íocaíochtaí | — | — |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | — | — |

Níor aistríodh le linn 2020 aon phleananna aisghabhála maidir le ró-íocaíochtaí.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

I rith 2020, íocadh iomarcaíocht le hochtar aonair trí phárollaí riaracháin na Roinne. B'ionann agus €125,977 an t-iomlán a íocadh agus san áireamh ann bhí íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochtaí, de réir mar ba chuí. Sháraigh na seacht n-íocaíocht iomarcaíochta €10,000. Ba é €24,641 an tsuim ba mhó a íocadh in 2020.

Níor íocadh aon phinsean luath ná níor cuireadh aon bhlianta breise de sheirbhís bharúlach ná feabhsuithe eile leis na téarmaí fabhraithe pinsin a deonaíodh d'aon duine den ochtar.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | 2020 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | 2 | — | 56 | — | 56 |
| | | **—** | **56** | **—** | **56** |

Ba é €287,000 an tsuim a thabhaigh an Roinn in 2020 i gcostais dlí i ngnó laethúil na Roinne, lenar áiríodh na costais dlí agus na dámhachtainí cúitimh a liostaítear thuas. Aithnítear sa tábla thuas costais agus táillí dlí a d'íoc an Roinn go díreach agus ní léirítear ann costais dlí comhlachtaí eile a dtacaítear leo faoi fho-mhírchinn vótáilte.

### 6.2 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2020 |
|---|---|---|
| | | €000 |
| Calaois | 1 | 10 |
| Calaois amhrasta/neamhrialtachtaí | — | — |
| | | **10** |

Cuireadh an Roinn ar an eolas faoi chás nua amháin maidir le calaois amhrasta/neamhrialtachtaí.

## 6.3 Maoiniú AE

Tá fáltais i ndáil le maoiniú AE a fuarthas le linn 2020 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí-i-gcabhair sonraithe sa tábla thíos.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **Catagóir maoinithe AE** | **€000** | **€000** |
| D2.1 Maoiniú pá CSE | 23,379 | 50,464 |
| D2.1 Maoiniú neamhphá CSE | 11,320 | 23,362 |
| PIAAC Idirnáisiúnta | 196 | — |
| | **34,895** | **73,826** |

***Fáltais ó Chiste Struchtúrach na hEorpa (CSE) 2020***

An tsuim €34.699 milliún (€23.379 milliún i maoiniú Pá agus €11.320 milliún i maoiniú Neamhphá) a fuarthas in 2020 agus atá léirithe mar leithreasaí-i-gcabhair, áiríodh í sa chaiteachas taifeadta ó fho-mhírchinn B.5 agus C.11 Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna do na blianta 2014-2018.

Tháinig fáltais ón gClár don Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020, ar clár cómhaoinithe é de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa.

***Clár Chiste Sóisialta na hEorpa don hInfhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim 2014-2020: an staid ag deireadh na bliana 2020***

| | Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) | Tionscnamh Fostaíochta don Óige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Leithdháileadh AE 2014-2020 [a] | 484,516 | 68,145 | 552,661 |
| Fáltais ag deireadh 2019 | 254,793 | 47,543 | 302,336 |
| Fáltais bhliantúla réamh-mhaoinithe 2020 | 15,478 | 2,044 | 17,522 |
| Iarmhéid maidir le 2018-2019 | 1,789 | — | 1,789 |
| Fáltais iarratais eatramhacha ar íocaíochtaí 2020 | 21,477 | 3,065 | 24,542 |
| **Fáltais iomlána in 2020** | **38,744** | **5,109** | **43,853** |
| **Fáltais iomlána ag deireadh 2020** | **293,537** | **52,652** | **346,189** |
| Mar % de leithdháileadh 2014-2020 | 61% | 77% | 63% |

| Dáileadh fháltais chlár CSE 2020 | €000 |
|---|---|
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | 35,389 |
| An Roinn Oideachais | 144 |
| An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí | 6,417 |
| An Roinn Cosanta | 79 |
| An Ciste Náisiúnta Oiliúna | 1,500 |
| | **43,529** |

Nóta [a] Aistríodh €60 milliún ó leithdháileadh CSE chuig ERDF mar chabhair chun trealamh cosanta pearsanta a cheannach mar chuid den fhreagairt do Covid-19 i mí na Nollag 2020.

Seasann na fáltais ó iarratais ar íocaíochtaí eatramhacha do 90% de leithdháiltí AE atá dlite de bhrí go gcoimeádann an Coimisiún 10% atá iníoctha tar éis glacadh leis na cuntais bhliantúla agus léirítear é in iarmhéid cothromaithe na mblianta dá éis.

## 6.4. Maoiniú díreach AE do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne 2020

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach AE a tugadh do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcaitheamh 2020.

| | **2020** |
|---|---|
| **Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne** | **€000** |
| An tÚdarás um Ardoideachas | 309 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 273 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | 327 |
| Léargas [a] | 19,240 |
| | **20,149** |

Nóta [a] Ní bhaineann an maoiniú le haghaidh Léargas ach le cláir oideachais.

| Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne | Cuspóir an mhaoinithe | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| An tÚdarás um Ardoideachas | Clár Erasmus+ a chur chun cinn agus a riar | 309 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | Cuireann QQI rúnaíocht ar fáil do EQUAVET (an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas) anuas ar a bheith ina ionad náisiúnta do EUROPASS agus NARIC. | 273 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | Na Daonnachtaí sa Réimse Taighde Eorpach (HERA), clár CHIST-ERA (taighde comhordaithe Eorpach ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide atá le teacht agus atá ag teacht chun cinn) agus Bearta COFUND Marie Sklodowska-Curie um Chlár Comhaltachtaí Taighde i gComhar | 327 |
| Léargas | Erasmus+, Eurodesk, ECVET, E twinning Epale agus Euroguidance | 19,240 |

## 6.5 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2020<br>€000 |
|---|---|
| Glanús iomlán a íocadh | 1 |

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail mhí Mheán Fómhair 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| **Ollscoileanna/Coláistí** [a] | | | | |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | 2019 | 21 Noll 2020 | 8 Ean 2021 | 3 Már 2021 |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | 2019 | 28 M.F. 2020 | 5 D.F. 2020 | 3 Noll 2020 |
| Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | 2020 | 30 Meith 2020 | 6 Iúil 2020 | Le cur faoi bhráid |
| Ollscoil Náisiúnta na hÉireann | 2019 | 21 Noll 2020 | 22 Noll 2020 | 22 Fea 2021 |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 2020 | 29 Már 2021 | 30 Már 2021 | 25 Beal 2021 |
| Ollscoil Luimnigh | 2019 | 25 M.F. 2020 | 28 M.F. 2020 | 26 Samh 2020 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | 2020 | 9 Aib 2021 | 15 Aib 2021 | 26 Beal 2021 |
| Ollscoil na hÉireann, Má Nuad | 2020 | 29 Már 2021 | 30 Már 2021 | 28 Aib 2021 |
| Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach | 2020 | 31 Beal 2021 | 17 Meith 2021 | 16 Iúil 2021 |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | 2020 | 27 Lún 2021 | 31 Lún 2021 | Le cur faoi bhráid |
| An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha | 2020 | 28 Beal 2021 | 9 Meith 2021 | 5 Lún 2021 |
| Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach | 2019 | 29 D.F. 2020 | 13 Samh 2020 | 17 Noll 2020 |
| **Institiúidí Teicneolaíochta** [b] | | | | |
| Baile Átha Luain | 2020 | 29 Meith 2021 | 9 Iúil 2021 | Le cur faoi bhráid |
| Corcaigh | 2019 | 5 Samh 2020 | 14 Samh 2020 | 18 Noll 2020 |
| Dún Dealgan | 2019 | 22 Noll 2020 | 9 Ean 2021 | 23 Fea 2021 |
| Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | 2020 | 11 Beal 2021 | 13 Beal 2021 | 9 Iúil 2020 |
| Gaillimh-Maigh Eo | 2019 | 5 Már 2021 | 6 Aib 2021 | 25 Beal 2021 |
| Ceatharlach | 2019 | 22 Noll 2020 | 23 Noll 2020 | 23 Fea 2021 |
| Sligeach | 2020 | 29 Meith 2021 | 9 Iúil 2021 | Le cur faoi bhráid |
| Trá Lí | 2019 | 17 Noll 2020 | 6 Ean 2021 | 5 Már 2021 |

| Comhlacht/ciste roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Leitir Ceanainn | 2019 | 11 Noll 2020 | 14 Noll 2020 | 28 Ean 2021 |
| Luimneach | 2020 | 27 Beal 2021 | 3 Meith 2021 | 15 Iúil 2021 |
| Port Láirge | 2019 | 23 Noll 2020 | 12 Ean 2021 | 12 Már 2021 |
| **Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne** | | | | |
| SOLAS | 2020 | 21 Beal 2021 | 27 Beal 2021 | 14 Iúil 2021 |
| Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 2019 | 24 Noll 2020 | 5 Ean 2021 | 3 Már 2021 |
| An tÚdarás um Ardoideachas | 2020 | 28 Meith 2021 | 2 Iúil 2021 | 2 M.F. 2021 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 2019 | 17 Noll 2020 | 17 Noll 2020 | 26 Ean 2021 |
| Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | 2020 | 8 Iúil 2021 | 21 Iúil 2021 | Le cur faoi bhráid |
| Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann | 2019 | 23 Noll 2020 | 20 Ean 2021 | 9 Már 2021 |
| Acadamh Ríoga na hÉireann | 2019 | 23 Noll 2020 | 20 Ean 2021 | 19 Már 2021 |

Nótaí [a] Tréimhse an chuntais 1 D. Fómhair go dtí an 30 M. Fómhair

[b] Tréimhse an chuntais 1 M. Fómhair go dtí an 31 Lúnasa.